**An Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030**

**Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn: Iúil 2013 - Meán Fómhair 2014**

**An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta**

Tá an sás comhoibrithe foirmiúil, a comhaontaíodh i mí an Mheithimh 2013, idir Údarás na Gaeltachta agus Fiontraíocht Éireann ag feidhmiú go maith, ós rud é go bhfuil agus go mbeidh sé ag dul chun tairbhe d'fhorbairt fiontair sa Ghaeltacht. Táthar ag leanúint le comhráite maidir le comhoibriú níos fearr idir Údarás na Gaeltachta agus an tÚdarás Forbartha Tionscail faoi choimirce mheitheal oibre ar a bhfuil oifigigh de chuid na Ranna ábhartha agus de chuid na ngníomhaireachtaí forbartha. Tá an Roinn i mbun prótacal a dhréachtú freisin i gcomhar le hÚdarás na Gaeltachta i ndáil leis na hOifigí Fiontair Áitiúil (OFA-anna) i gceantair Ghaeltachta. Tacóidh an prótacal seo le cinneadh an Rialtais go gcoimeádfaidh Údarás na Gaeltachta an fhreagracht as tacaíochtaí micrifhiontair agus fiontair bheaga sa Ghaeltacht chomh maith le rochtain chuí ar thacaíochtaí ó na hOifigí Fiontair Áitúil. Go bunúsach, ligfidh an prótacal do chliaint de chuid Údarás na Gaeltachta iarratais a dhéanamh chuig na OFA-anna trí Údarás na Gaeltachta ar chúnamh deontais díreach agus tacaíochtaí eile nach tacaíochtaí airgeadais iad, ach na critéir cháilíochta chéanna le hiarratasóirí eile a chomhlíonadh.

**Bearta le haghaidh na Gaeilge sa tSeirbhís Phoiblí**

Tá an Roinn ag cur bailchríoch faoi láthair lena dara Scéim Teanga faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, a chlúdóidh an tréimhse 2014 – 2017. Leagfar amach sa scéim seirbhísí na Roinne atá ar fáil i nGaeilge faoi láthair agus déanfar gealltanais na Roinne a athdhearbhú i ndáil le cumarsáid a dhéanamh i nGaeilge le cliaint ar mian leo a ngnó leis an Roinn a dhéanamh i nGaeilge.

Léireofar sa Scéim Teanga nua cur chuige na Roinne i leith oiliúint sa Ghaeilge sa mhéid is go ndéanfar cúrsaí a thairiscint do bhaill foirne a aontaíonn cabhair a thabhairt don Roinn a cuid gnó a dhéanamh i nGaeilge nuair is gá. Tar éis athbhreithniú ar riachtanais oiliúna níos luaithe i mbliana, rinneadh grúpa oifigeach a shainaithint ar mian leo páirt a ghlacadh in oiliúint ar an mbonn sin. Méadóidh grúpa oifigeach den sórt sin cumas agus solúbthacht na Roinne maidir lena riachtanais ghnó a chomhlíonadh i nGaeilge.

Cé go bhfuil líon áirithe foirne sa Roinn atá líofa sa Ghaeilge, níl aon phost sonrach aitheanta go dtí seo i measc na seirbhísí gnó ina bhfuil gá le líofacht sa Ghaeilge faoi láthair. Aithníonn an Roinn, áfach, go bhfuil sé tábhachtach go mbeadh líon áirithe foirne sa Roinn atá líofa sa teanga agus in ann seirbhísí a chur ar fáil i nGaeilge. I gcomhréir le beartas an Rialtais, aithneofar i scéimeanna teanga de chuid na Roinne amach anseo faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla na réimsí oibre/poist lena mbaineann riachtanas inniúlachta sa Ghaeilge.